
# D



8 - Bímis ag scríobh
9 - Ag scríobh ó lá go lá

# Clár


| | |
|---|---|
| Tús na scríbhneoireachta | 2 |
| Luathiarrachtaí scríbhneoireachta | 3-9 |
| Neart an phinn | 10 |
| Cluiche poncanna a dhéanamh | 11 |
| Foclóir na scríbhneoireachta | 12 |
| Scileanna scríbhneoireachta | 13 |
| 'Scileanna scríbhneoireachta' a úsáid | 14 |
| Gnáthócáidí scríbhneoireachta | 15 |
| Ag scríobh agus ag súgradh | 16 |
| Tuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta | 17 |
| Ag scríobh agus ag spraoi | 18 |

# Tús na scríbhneoireachta

Cuireann páistí suim sa scríbhneoireacht ó bheith ag amharc ar dhaoine fásta ag scríobh ó lá go lá. Tuigeann siad go n-úsáideann daoine an scríbhneoireacht ar chuid mhaith cúiseanna difriúla. Fiú agus iad ag toiseacht amach ag scriobláil, tuigeann páistí go dtig an scríbhneoireacht a úsáid le smaointe a chur i láthair daoine eile.

Caithfidh an páiste matáin na lámh agus comhordú súl agus lámh a fhorbairt le go mbeidh sé ábalta peann luaidhe a láimhseáil agus pictiúr a tharraingt nó litreacha a bhreacadh síos. Thig leatsa cuidiú leis na scileanna seo a fhorbairt de réir a chéile agus é a dhéanamh páirteach i ngnáthimeachtaí a bhaineann leis an scríbhneoireacht.

Rud a chuideoidh leis an pháiste matáin na lámh agus comhordú súl agus lámh a fhorbairt ná ligean dó cuidiú leat istigh sa chistin. Thiocfadh leis tabhairt fá obair den chineál seo:

- plúr a scagadh,
- uibheacha a bhuaileadh,
- fuidreamh a shuaitheadh le spáin mhór,
- im a chur ar arán.

Bí cinnte agus leathanaigh agus uirlisí scríbhneoireachta a chur ar fáil don pháiste. Is fusa do pháiste óg greim a choinneáil ar chrián tiubh, ar phíosa tiubh cailce nó ar scuab phéinte a bhfuil cos thiubh uirthi ná mar atá sé greim a choinneáil ar pheann deas caol. Lig dó a bheith ag tarraingt agus ag scriobláil, ag rianadh agus ag dathú.

Ar na hábhair eile atá fóirsteanach tá cluichí poncanna, míreanna mearaí simplí agus leabharthaí dathadóireachta. Mar sin fhéin, caithfear aois an pháiste a chur san áireamh sula gceannaíonn tú ceann ar bith acu. Is gnách go mbíonn comhairle fán aois a bhfuil siad fóirsteanach daofa scríofa ar an bhosca nó ar an chlúdach.

Bí cinnte agus obair an pháiste a mholadh i gcónaí. Cuir a chuid pictiúirí ar taispeáint agus bí ag caint leis fúthu!

Tuilleadh smaointe:

- cnaipí a dhruidim agus a scaoileadh
- cluichí gabhála a imirt
- ag súgradh le blocanna tógála
- ag péinteáil le méara na láimhe
- marla a mhúnlú agus rudaí a thógáil leis
- iallacha bróg a cheangal
- ag súgradh le gaineamh
- triail a bhaint as siosúr speisialta
- ag súgradh le cártaí
- ag imirt cluichí 'bualadh bos'


# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta



1. Tosaíonn páistí ar a gcuid scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt de réir mar a chuireann siad suim i scríbhneoireacht agus i dtarraingt pictiúirí. Tosaíonn siad le marcanna, línte agus crotha a bhreacadh ar an leathanach. Is ag an chéim seo a fhoghlaimíonn siad an dóigh le greim a choinneáil ar chrián nó ar pheann luaidhe.

   Ba í **Jenny, bliain agus ocht mí d'aois**, a rinne an sampla seo. Is léir go bhfuil a croí istigh sa scríbhneoireacht agus go bhfuil sí ag iarraidh í a chleachtadh. Láimhseáil sí an crián go deas cliste agus bhreac sí línte soiléire cinnte ar an pháipéar.


# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta



2. Tuigeann páistí an difear idir pictiúirí a tharraingt agus focla a scríobh agus bíonn marcanna de sheort amháin acu fá choinne pictiúirí agus marcanna de sheort eile fá choinne litreacha agus focla. Tosaíonn seo amach mar scriobláil, ach de réir a chéile bíonn patrúin le feiceáil; ciorcail, cuir i gcás.

Ba í **Lucy, 2 bhliain 9 mí** d'aois a rinne an pictiúr seo. Tá patrún agus cuspóir le sonrú ar a cuid scríbhneoireachta. Tharraing sí pictiúr dá máthair agus dá hathair agus chuir sí go leor leor rudaí leis: malaí, féasóg, agus gaosán. Tá 'Mamaí' agus 'Dadaí' scríofa os cionn chloigeann na beirte i scriobláil, ag léiriú go leanann sí an patrún céanna arís agus arís.


# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta



3. Fán am seo, tá páistí ábalta litreacha a dhéanamh trí chóipeáil nó trí phoncanna a rianadh. Is dócha fán am seo go mbeidh siad ag iarraidh triail a bhaint as cineálacha difriúla scríbhneoireachta. Mar shampla, b'fhéidir go ndéanfaidh siad píosaí de chomharthaí agus de phóstaeir a chóipeáil.

   Ba é **Fionn, 4 bliana agus 4 mhí** d'aois, a rinne an sampla seo. Bhí sé ag iarraidh a ainm fhéin a litriú, agus bhí a aird uilig ar na litreacha a scríobh. D'iarr sé ar an mhúinteoir an t-ainm a scríobh amach sa dóigh is go dtiocfadh leis na litreacha a chóipeáil.

# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta




4. Thig le páistí litreacha áirithe a scríobh gan chuidiú ar bith, cuir i gcás a n-ainmneacha fhéin nó sraith litreacha a bhfuil seanchleachtadh acu orthu. Ag an chéim seo, baineann páistí triail as rudaí úra go fóill. Tá an maisiú ina chuid thábhachtach den obair a dhéanann siad.

   Ba í **Emma, 3 bliana agus 6 mhí** a rinne an sampla seo. Tá sí ag iarraidh a thaispeáint do dhaoine go dtig léi focla a scríobh. Mar chruthú air sin, tá an t-eolas sa sampla seo níos tábhachtaí ná an pictiúr fhéin. Thosaigh sí leis na focla a thig léi fhéin scríobh gan chuidiú ar bith: a hainm fhéin agus FBI. Lean sí uirthi ansin agus chóipeáil ainmneacha daoine den teaghlach agus ansin 'Barney' an clár teilifíse is mó a bhfuil dúil aici ann.


# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta



5. Tuigeann páistí go gcaithfidh siad focla a scríobh le rudaí áirithe a chur in iúl. Go minic ag an chéim seo, iarrann páistí ar dhaoine fásta na rudaí atá scríofa acu a léamh. Ar ndóigh, ní bhíonn an litriú i gcónaí ceart, ach bíonn a fhios acu fhéin go maith caidé atá siad ag iarraidh a chur in iúl.

   Ba í **Catherine, 5 bliana 6 mhí**, a rinne an sampla seo. Tá abairt bhreá shoiléir ann a chuireann síos ar an phictiúr a rinne sí: 'I have a tent and I grow flowers'. Níl sí ach ag toiseacht ar an litriú a fhoghlaim, ach is léir go bhfuil eolas aici ar roinnt fuaimeanna consan agus gutaí. Is léir fosta go bhfuil a fhios aici gur sa treo ó chlé go deas is gnách le daoine scríobh agus toiseacht arís ag tús na chéad líne eile.


# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta




6. Tosaíonn páistí ag scríobh ar bhealach atá níos soiléire agus níos fusa a thuigbheáil. Úsáideann siad an litriú a thagann as fuaimeanna ag tús agus ag deireadh focail, ach is minic a fhágann siad gutaí amach. Bíonn dornán focla simplí ann a thig leo litriú go hiomlán ceart, leithéidí 'cat' 'mé' agus 'an'.

   Ba í **Caoimhe, 6 bliana 6 mhí**, a rinne an sampla seo. Tá rudaí ann a thabharfadh le fios go bhfuil eolas maith aici ar litriú, ar ghramadach agus ar phoncaíocht. Bíodh sin mar atá, fanann sí i muinín focla simplí a thig léi a litriú. D'éirigh léi sraith abairtí a chur le chéile agus ceannlitreacha ag tús achan abairt acu.

# Luathiarrachtaí scríbhneoireachta




7. Bíonn páistí ábalta 'téacs' a scríobh ag an chéim seo. Tá siad ag toiseacht ar a gcuid smaointe a chur in ord ar bhealach ciallmhar soiléir. Tosaíonn siad ar phoncanna lánstad a úsáid, chomh maith le focla ar nós 'agus' nó 'ach'. Tá na focla beaga seo riachtanach le go mbeidh struchtúr níos fearr ar a gcuid abairtí. Cé nach mbíonn mórán airde ag páistí ar litriú ag an chéim seo, tá fianaise ann go dtosaíonn páistí ar rialacha litrithe a úsáid agus focla a fhuaimniú le go mbeidh siad ábalta iad a litriú.

   Ba é **Killian, 6 bliana 7 mí**, a rinne an sampla seo. Thig leis 'téacs' a scríobh. Bíonn abairtí iomlána aige, le poncanna lánstad agus ceannlitreacha. Cuireann sé a chuid abairtí in ord agus bíonn ciall ag baint leofa. Tá sé go maith ag litriú.

# Neart an phinn

Dóigh mhaith leis an pháiste a dhéanamh réidh fá choinne litreacha a scríobh ná patrúin a chóipeáil agus a tharraingt. Cuidíonn seo le scileanna comhordaithe súl agus lámh a fhorbairt, scileanna atá riachtanach fá choinne litreacha a dhéanamh. Má chuirtear an páiste ag obair ar línte a tharraingt sa treo ó chlé go deas, ní fada go mbeidh cleachtadh maith aige ar léamh agus scríobh sa treo céanna.

Tarraing patrúin agus abair leis an pháiste iad a chóipeáil. Lig dósan patrúin a tharraingt agus ansin caithfidh tusa iad a chóipeáil. Ná bí ag súil go mbeadh an páiste ábalta an patrún a chóipeáil go hiontach maith. B'fhéidir nach ndéanfadh sé ach rud beag scriobláła i dtús báire. De réir a chéile a fhoghlaimítear an scríbhneoireacht.

Tuilleadh smaointe fá choinne patrúin a dhéanamh:

- Fráma patrúin a tharraingt thart ar phictiúr.
- Cluichí a imirt ina gcaithfidh an páiste línte a tharraingt le píosaí den phictiúr a thabhairt le chéile. Thiocfadh, mar shampla, cat agus luchóg a tharraingt agus iarraidh ar an pháiste iad a cheangal.
- Pictiúr a tharraingt a bhfuil líne nó ciorcal fágtha amach ann. Iarr ar an pháiste na píosaí atá ar iarraidh a bhreacadh. Mar shampla, cupán gan chluas.
- Cluichí lúbra agus cluichí poncanna an-simplí a dhearadh.
- An cluiche úd 'take a line for a walk'.
- Coirníní a chur ar shreang.
- Slabhra de pháipéar daite a dhéanamh.
- Patrúin a tharraingt sa ghaineamh.
- Achan chineál líníochta agus dathadóireachta a spreagadh.


# Cluiche poncanna a dhéanamh

**Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth ort:**


- leabhar dathadóireachta, cairtchlár (bosca Cornflakes), siosúr, marcóirí agus páipéar.

Ar phíosa cairtchláir, tarraing nó cóipeáil pictiúr deas simplí amach as leabhar dathadóireachta. Gearr amach é agus úsáid mar stionsal é.

Cuir an stionsal i lár an leathanaigh. Ba cheart na mionghnéithe agus na gnéithe atá sa chúlra a tharraingt ar dtús le leid a thabhairt don pháiste caidé ba chóir a bheith sa phictiúr. Thig cluiche poncanna a dhéanamh de ar cheachtar de na bealaí seo a leanas:




Bearnaí a fhágáil sna línte sa dóigh is go gcaithfidh an páiste iad a cheangal.



1

Gan líne ar bith a tharraingt, ach sraith de phoncanna. Caithfidh an páiste gabháil ó phonc go ponc le línte a dhéanamh daofa.



2

Ní chaithfear ach dornán línte a tharraingt le leid a thabhairt don pháiste caidé ba chóir a bheith sa phictiúr. Ansin, ag obair sa treo ó chlé go deas, tarraing sraith de phoncanna. Cuir uimhir le hachan phonc acu. Caithfidh an páiste líne a tharraingt ó phonc go ponc.




3

# Foclóir na scríbhneoireachta

An bhfuil a fhios ag an pháiste ceann ar bith de na focla nó na frásaí seo?

- aibítir
- scríobh idir na línte
- cóip
- litreacha móra
- peann luaidhe
- scríobh sna cearnóga
- línte
- clé go deas
- rubar
- ceannlitreacha
- cló
- litreacha beaga
- spás a scipeáil
- lánstad
- ponc ceiste
- líne a scipeáil
- rialóir
- spás
- gabh go dtí an chéad líne eile
- imill

# Scileanna scríbhneoireachta




Ainm

Aois

Déan cóip fá choinne achan pháiste

# 'Scileanna scríbhneoireachta' a úsáid

Amharc ar an liosta de scileanna in **'Scileanna Léitheoireachta'**. An bhfuil ceann ar bith de na scileanna á léiriú ag do pháiste fhéin go fóill?

Ainmnigh cuid de na hamanna agus na háiteacha a mbíonn an páiste ag cleachtadh na scríbhneoireachta.

Caidé na fáthanna a dtosaíonn do pháiste ag scríobh?

An bhfuil rud ar bith eile a thiocfadh a dhéanamh le cuidiú leis an pháiste na scileanna scríbhneoireachta a fhoghlaim?

# Gnáthócáidí scríbhneoireachta

Cuirfidh do pháiste suim sa scríbhneoireacht ó bheith ag amharc ortsa agus ar dhaoine eile sa teaghlach ag scríobh. Tá smaointe sa bhosca thíos fá choinne na páistí a dhéanamh páirteach san obair scríbhneoireachta a bhíos le déanamh sa bhaile ó lá go lá. Fiú mura bhfuil sí réidh le gabháil a scríobh, bainfidh sí sult as bheith ag amharc ort agus a bheith ag caint leat fán obair scríbhneoireachta seo.

| | |
|---|---|
| Liostaí a dhéanamh | liostaí siopadóireachta, liostaí de rudaí atá le déanamh, liostaí de rudaí atá siad ag iarraidh don Nollaig, liostaí de dhaoine atá siad ag iarraidh teacht go dtí cóisir, liostaí de rudaí a chaithfidh siad a thabhairt leofa ar thuras, rudaí a thiocfadh a dhéanamh nuair a thagann a gcuid cairde ar cuairt. |
| Teachtaireachtaí a bhreacadh síos | teachtaireachtaí teileafóin, teachtaireachtaí ó chuairteoirí, treoracha fá choinne oideas cócaireachta. |
| Cártaí a shíniú | cártaí Nollag, cártaí breithlae, cártaí Vailintín, cártaí buíochais. |
| Litreacha a scríobh | chuig cairde agus chuig daoine muinteartha: athair mór nó máthair mhór, aintín, uncail, col ceathrair agus mar sin de. |
| Lipéid a dhéanamh | le greamú de rudaí ar leofa iad, leithéidí leabharthaí, bréagáin, éadaí agus trealamh spóirt nó a ghreamú de dhoras a seomra nó de sheilfeanna. |
| Biachlár a dhéanamh | fá choinne breithlae nó béile speisialta ar lá saoire. |
| Focla a scríobh ar phictiúirí | le hainm a thabhairt don phictiúr nó comhrá idir na daoine sa phictiúr a scríobh nó fiú le hainm an pháiste a chur ar an phictiúr, mar a dhéanfadh péintéir mór le rá! |

Bhur gcuid smaointe fhéin:

# Ag scríobh agus ag súgradh

**Siopa:**

- Bailigh le chéile boscaí Corn Flakes, málaí brioscaí, boscaí uibheacha, buidéil Fairy Liquid agus mar sin de - ach bíodh siad uilig folamh!
- Cuidigh leis an pháiste praghas a scríobh ar na 'hearraí' seo uilig.
- Bain úsáid as airgead bréige nó déan bhur gcuid airgid fhéin.
- Tabhair peann luaidhe agus páipéar don pháiste fá choinne liosta siopadóireachta a scríobh.
- Déan scipéad de sheanbhosca bróg.
- Déan comhartha siopa.

**Bialann:**

- Lig don pháiste an tábla a chóiriú agus na soithí a leagan amach.
- Déan biachlár beag simplí. Bíodh pictiúirí ann a thaispeánann na béilí atá ar fáil.
- Bíodh leabhar beag nótaí ann leis 'na horduithe' a bhreacadh síos.
- Bain úsáid as airgead bréige nó déan bhur gcuid airgid fhéin.
- Déan scipéad de sheanbhosca bróg.

**Scoil:**

- Bíodh clár dubh ann nó píosa mór páipéir a thig a cheangal nó a ghreamú den bhalla.
- Bailigh le chéile cailc, pinn luaidhe, leabharthaí beaga nótaí agus leabharthaí scéalaíochta.
- Faigh cúpla bosca mór cairtchláir fosta. Thig libh suí thart orthu seo mar a shuíonn daltaí ag deasc sa seomra ranga.
- Abair leis an pháiste an seomra ranga a mhaisiú le litreacha na haibítre, le huimhreacha agus le pictiúirí.

**Teach:**

- Cuidigh leis an pháiste puball a dhéanamh. Níl le déanamh ach blaincéad nó braillín a chur thart ar chathaoireacha. Anois, tá a teach beag fhéin aici.
- B'fhéidir nach di fhéin an teach, ach dá cuid bábógaí agus béiríní.
- Tabhair páipéar, criáin agus marcóirí di le go dtig léi comhartha breá daite a dhéanamh fá choinne an tí.

Bhur gcuid smaointe fhéin:

# Tuilleadh gníomhaíochtaí scríbhneoireachta

Coinnigh leabhar fá choinne na bpictiúirí, na gcártaí agus na bpíosaí scríbhneoireachta a dhéanann an páiste.

Iarr ar an pháiste pictiúirí a tharraingt mar gheall ar scéal inteacht agus iad a ghreamú sa leabhar nó i leabhar nótaí. Thiocfadh leis an bheirt agaibh ansin cuidiú le chéile an scéal a scríobh isteach.

Tabhair cailc don pháiste agus lig di scríobh ar an tsráid amuigh. Teagasc di an dóigh le bord a tharraingt fá choinne chleas na bacóide. Glanfar ar shiúl é leis an chéad chith báistí.

Tá sé tábhachtach go mbeadh achan chineál obair scríbhneoireachta á dhéanamh ag an pháiste toisc:

- go gcuideoidh an cleachtadh le í a dhéanamh níos féinmhuiníní;
- go ndéanfaidh sé réidh í fá choinne obair scríbhneoireachta a bheidh le déanamh ar scoil;
- go gcuideoidh sé léi na cuspóirí atá le cineálacha difriúla scríbhneoireachta a thuigbheáil;
- seans atá ann le í a dhéanamh páirteach in imeachtaí an teaghlaigh agus an phobail.

Do chuidse smaointe:

# Ag scríobh agus ag spraoi

Pioc ceann de na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta agus bain triail aisti sa bhaile.

- Déan rud inteacht le foireann uirlisí an scríbhneora.
- Lig don pháiste a bheith páirteach i gceann de na gnáthócáidí scríbhneoireachta sa bhaile.
- Thig libh siopa/scoil/bialann/teach a imirt.

Cén ghníomhaíocht a phioc tú?

An raibh ceann ar bith acu seo i gceist san obair a rinne sibh: caint agus éisteacht, léitheoireacht nó uimhreacha a úsáid?

Caidé na rudaí a raibh dúil ag an pháiste iontu?

An raibh cairde nó duine ar bith eile den teaghlach páirteach san obair seo? Caidé a rinne siad?

Caidé a d'fhoghlaim an páiste de thairbhe na hoibre seo?



## Canúint Uladh

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science